



Ciorclán 0063/2022

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,  
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig  
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

## **Socrú maidir le Rialaitheoir Comhphárteach Sonraí**

**idir**

**An Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais**

**agus**

**Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,  
Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus  
Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

### **1. Cuspóir an ciorclán seo**

- 1.1. Tá sé mar chuspóir an gclár seo ról Rannóg Párolla na Roinne agus ról an Fhostóra mar Rialaitheoirí Comhphárteacha Sonraí maidir le HCM agus gníomhaíochtaí próiseála párolla a dheimhniú.
- 1.2. Is é cuspóir an socrú maidir le Rialaitheoir Comhphárteach Sonraí an gaol atá idir Rannóg Párolla na Roinne Oideachais agus údaráis bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna (maidir le bunscoileanna pobail amháin) a dheimhniú i dtaca le sonraí pearsanta fostaithe scoile a phróiseáil do HCM agus chun críocha párolla chun críocha Alt 79 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 agus Alt 26 de Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS).



- 1.3. Is Rialaitheoirí Comhpháirteacha Sonraí iad Rannóg Párolla na Roinne agus an Fostóir i dtaca le sonraí fostaithe do HCM agus i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála párolla. Ciallaíonn sé sin go gcinneann an Rannóg Párolla agus an Fostóir le chéile bealaí próiseála agus próiseáil sonraí pearsanta fostaí scoile maidir le híocaíochtaí tuarastail a dhéanamh leis an bhfostaí agus a gconradh fostaíochta á chomhlíonadh acu. Is riachtanas faoin RGCS é go leagfadh rialaitheoirí comhpháirteacha amach a bhfreagrachtaí faoi seach ar bhealach trédhearcach agus is é sin atá mar chuspóir ag an gCiorclán seo.
- 1.4. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-athraítear leis an gCiorclán seo socruithe reatha a bhí i bhfeidhm ar leibhéal praiticiúil roimhe seo agus nach bhfuil athruithe ar na cleachtais oibre reatha nó beartais RGCS (GDPR) i scoileanna i gceist leis.

## 2. Sainmhínte

- 2.1. Ciallaíonn “an Roinn” an Pámháistir, an Rannóg Párolla, an Roinn Oideachais;
- 2.2. Ciallaíonn “Pámháistir” an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc le fostaithe scoile. Is é sin an Roinn Oideachais i gcás bunscoileanna (lena n-áirítear bunscoileanna pobail) meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.
- 2.3. Ciallaíonn “Fostóir” Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i gcás bunscoileanna pobail, agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, (gan bunscoileanna pobail san áireamh), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an BOO nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean, de réir mar is cuí, maidir le nithe a leagtar amach sa Chiorclán seo;
- 2.4. Ciallaíonn “na Sonraí” na sonraí pearsanta a dhéantar a phróiseáil;
- 2.5. Ciallaíonn “an tAire” an tAire Oideachais;
- 2.6. Ciallaíonn Bainistiú Caipiteal Daonna gníomhaíochtaí riaracháin a bhaineann le bainistíocht achmainní, mar shampla ionduchtú fostaithe, taifeadtar saoire agus asláithreach, sochair agus riaracháin pinsin srl.



- 2.7. Ciallaíonn "sonraí pearsanta" aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta.
- 2.8 Ciallaíonn 'ábhar sonraí' an duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta a bhfuil a sonraí pearsanta próiseáiltear: Is ionann duine inaitheanta agus duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'aitheantóir mar ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó d'fhachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrath le céannacht an duine sin go fisiceach, go fiseolaíoch, go géinitic, go meabhrach, go heacnamaíoch, go cultúrtha nó go sóisialta do dhuine nádúrtha sin.
- 2.9 Ciallaíonn 'rialaitheoir' an t-eintiteas, ina aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile, a rialaíonn críocha agus bealaí na próiseála de sonraí pearsanta.
- 2.10 I gcás ina gcinneann dhá rialaitheoir nó níos mó go comhphárteach críocha agus bealaí na próiseála, beidh siad ina rialaitheoirí comhphárteacha.
- 2.11 Ciallaíonn "próiseálaí" an t-eintiteas a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;
- 2.12 Ciallaíonn "Achtanna CS" na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018;
- 2.13 Ciallaíonn "RGCS" an Rialachán Ginearálta Maidir Le Cosaint Sonraí 2018/679 ón Aontas Eorpach;
- 2.14 Tagraíonn an téarma "Airteagal" d'airteagal sa RGCS;
- 2.15 Tagraíonn na "páirtithe" don Roinn agus don Fhostóir mar rialaitheoirí comhphárteacha sonraí faoin socrú seo.

### **3. Ábhar agus Cuspóir na Próiseála**

Is é ábhar na próiseála ná HCM agus sonraí párolla fostaithe scoile. Is é an cuspóir ná íocaíocht fostaí atá fostaithe ag scoil a chumasú chun a gconradh fostaíochta a chomhlíonadh. Cur i gcás, próiseálann scoil sonraí faoi múinteoir ar an Eochairchód (OLCS) chun saoire a thaifeadh agus íocaíocht cheart ag an Roinn a chumasú.



#### 4. Cineál na Sonraí Pearsanta agus Catagóirí na nDaoine is Ábhar do na Sonraí

Is iad na sonraí pearsanta is ábhar don socrú seo ná na sonraí pearsanta a bhaineann le fostaíocht an fhostaí lena mbaineann, lena n-áirítear aitheantas, eolas teagmhála, sonraí bainc, stair sheirbhíse, ballraíocht i scéim pinsin, incháilitheacht i leith scéimeanna saoire agus cineál a c(h)onartha seirbhíse. Féadfaidh an Fostóir, le toiliú an duine aonair, eolas reiligiúnach a phróiseáil nuair is mian leis an duine aonair go dtabharfaí teideal reiligiúnach air nó uirthi m.sh. an tAthair Murphy, an tSiúr Angela Murphy.

Is é catagóir na ndaoine is ábhar do na sonraí ná fostaithe bunscoileanna (lena n-áirítear bunscoileanna pobail), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.

#### 5. Feidhmeanna agus Oibleagáidí an Fhostóra

- 5.1. Déanann an Fostóir sonraí pearsanta fostaithe scoile a phróiseáil chun go ndéanfar conradh fostaíochta an fhostaí leis an bhfostóir a chomhlíonadh. Go sonrach, baileoidh an fostóir sonraí chun go mbeidh ar chumas na Roinne:
- Párolla a phróiseáil agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na híocaithe go léir;
  - Le toiliú an duine aonair, féadfaidh an Fostóir eolas reiligiúnach a phróiseáil nuair is mian leis an duine aonair go dtabharfaí teideal reiligiúnach air nó uirthi m.sh. an tAthair Murphy, an tSiúr Angela Murphy;
  - Úsáid a bhaint as stair sheirbhíse chun ballraíocht i scéim pinsin, pointe ar an scála etc a fháil amach.
  - Eolas maidir le saoire a phróiseáil (ach gan cineál na breoiteachta i gcás saoire bhreoiteachta a bheith san áireamh) chun íocaíochtaí a dhéanamh le foirne scoile
  - Sonraí maidir le seirbhís a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialaí.



5.2 De réir an Achta um Íoc Pá, 1991, ní mór don Fhostóir, i gcomhlíonadh a chuid oibleagáidí aird a thabhairt ar gach reachtaíocht is infheidhme maidir le dlí fostaíochta.

## 6. Feidhmeanna agus oibleagáidí na Roinne

6.1. Déanann an Roinn sonraí pearsanta fostaithe scoile a phróiseáil chun go ndéanfar Conradh fostaíochta an fhostaí leis an bhfostóir a chomhlíonadh. Go sonrach, úsáidfidh an Roinn sonraí a bailíodh chun:

- Párolla a phróiseáil agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na híocaithe go léir;
- Le toiliú an duine aonair, féadfaidh an Roinn eolas reiligiúnach a phróiseáil nuair is mian leis an duine aonair go dtabharfaí teideal reiligiúnach air nó uirthi m.sh. an tAthair Murphy, an tSiúr Angela Murphy;
- Úsáid a bhaint as stair sheirbhíse chun ballraíocht i scéim pinsin, pointe ar an scála etc a fháil amach.
- Eolas maidir le saoire a phróiseáil (ach gan cineál na breoiteachta i gcás saoire bhreoiteachta a bheith san áireamh) chun íocaíochtaí a dhéanamh le foirne scoile
- Sonraí a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhair asbhaintí reachtúla
- Sonraí a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le hasbhaintí reachtúla agus seirbhís.

6.2. I gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991, ní mór don Roinn i gcomhlíonadh a cuid oibleagáidí aird a thabhairt ar: na dlíthe fostaíochta go léir is infheidhme.



## 7. Rialaitheoirí Comhphárteacha Sonraí

- 7.1. In Airteagal 26 den RGCS, tugtar sainmhíniú ar rialaitheoir comhphárteach mar seo a leanas: *“I gcás ina gcinneann dhá rialaitheoir nó níos mó go comhphárteach críocha agus bealaí na próiseála, beidh siad ina rialaitheoirí comhphárteacha”*. Meastar an Roinn in éineacht leis an bhFostóir a bheith ina Rialaitheoirí Comhphárteacha Sonraí maidir leis na sonraí a phróiseáiltear. Léríonn an ciorclán seo an socrú rialaitheoir comhphárteach idir an Roinn agus scoileanna.
- 7.2. Tá sé mar chuspóir ag an socrú seo sainmhíniú a dhéanamh ar an ngaol idir na daoine is ábhar do na sonraí agus an Fostóir agus an Roinn agus ar na hoibleagáidí atá orthu ina leith faoi seach. Á dhéanamh sin dóibh, tá a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Achtanna CS agus faoin RGCS cinnte ag an dá pháirtí, go háirithe maidir le cearta an duine is ábhar do na sonraí a fheidhmiú agus a ndualgais faoi seach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in Airteagal 14 den RGCS a sholáthar.
- 7.3. Comhaontaíonn na páirtithe gan na sonraí a aistriú taobh amuigh den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch gan cosaintí cuí a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa RGCS.
- 7.4. Áiritheoidh na páirtithe nach ndéanfar tuilleadh próiseála ar na sonraí pearsanta atá cumhdaithe ag an socrú seo ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis na críocha dár bailíodh iad i dtús báire.
- 7.5. Is ceadmhach do na páirtithe Próiseálaithe Sonraí a cheapadh chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoin socrú seo, i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.



## 8 Oibleagáidí na Roinne agus an Fhostóra mar Rialaitheoirí Comhpháirteacha Sonraí

8.1 Chun críocha an tsocraithe seo, glacann an dá pháirtí leis an ról mar “Rialaitheoir Sonraí” i gcomhar laistigh de shainmhíniú na nAchtanna CS agus beidh sé de fhreagracht orthu comhlíonadh na nAchtanna CS agus an RGCS a áirithiú. Tabharfaidh gach páirtí freagra ar iarrataí chuig an bpáirtí sin ó dhaoine is ábhar do na sonraí maidir leis na sonraí atá á gcoinneáil ag an bpáirtí sin. Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, cumhdóidh oibleagáidí an dá pháirtí faoin socrú seo:

### Comhlíonadh sonraí

8.1.1 Ailt chuí de na hAchtanna CS atá i bhfeidhm ó am go ham a chomhlíonadh.

8.1.2 An RGCS a chomhlíonadh

### Próiseáil Chóir agus Dhleathach

8.1.3 A áirithiú go gcomhlíontar na hAchtanna CS maidir le próiseáil chóir agus dhleathach agus Airteagal 5 (na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta), Airteagal 6 (dleathacht na próiseála), Airteagal 7 (coinníollacha maidir le toiliú) agus Airteagal 9 (catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil) den RGCS.

### Ceartha an Duine is Ábhar do na Sonraí - Déileáil le hiarrataí faoi Airteagail 15 - 22 den RGCS

8.1.4 Déileáil le hiarrataí faoi Airteagail 15 - 22 den RGCS maidir le cearta daoine is ábhar do na sonraí.

### Trédhearcacht

8.1.5 Airteagal 13 agus Airteagal 14 den RGCS a chomhlíonadh maidir le faisnéis a bheidh le soláthar d'iarratasóirí aonair.

8.1.6



### Cuntasacht

8.1.6 Taifid chuí a choinneáil chun a léiriú go bhfuil an RGCS agus na hAchtanna CS á gcomhlíonadh de réir Airteagal 24 den RGCS.

### Slándáil Sonraí agus Sárú Sonraí

8.1.7 Bearta slándála cuí a úsáid do na sonraí de réir Airteagal 32.

8.1.8 Fógra a thabhairt faoi shárú ar bith i ndáil le sonraí de réir Airteagal 33 agus nuair is infheidhme, faoi Airteagal 34. Beidh cibé páirtí a bhfuil na sonraí is ábhar don sárú á gcoinneáil aige freagrach as comhlíonadh na nAchtanna CS agus an RGCS a áirithiú agus as an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a chur ar an eolas agus téigh i dteaghmáil leo nuair is cuí.

### Oifigeach Cosanta Sonraí

8.1.9 Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe a cheapadh de réir Airteagal 37. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ag:

An Rannóg um Chomhlíonadh agus Tacaíocht Sonraí

An Roinn Oideachais

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, N37 X659

Teileafón: +353 (0) 90 648 3907

Ríomhphost: [dpo@education.gov.ie](mailto:dpo@education.gov.ie)

### Nochtadh

8.1.10 Ní dhéanfaidh na páirtithe aon sonraí pearsanta a phróiseálann siad a nochtadh mura bhfuil bonn dlíthiúil le nochtadh den chineál sin, agus faoi réir rialacháin ar bith lena ndéantar cearta an duine is ábhar do na sonraí faoi Achtanna CS a shrianadh, cuirfidh na páirtithe an nochtadh sin in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí roimh ré.





## Stóráil Sonraí

8.1.11 Cinnfidh gach páirtí an tréimhse choinneála atá riachtanach i dtaca le sonraí pearsanta ar bith a phróiseálann sé.

## **9 Cúrsaí Riaracháin**

9.1 Mar Rialaitheoirí Comhphárteacha Sonraí, déanfaidh na páirtithe mar seo a leanas:

9.1.1 Glacfaidh siad dlíteanas i leith na Sonraí go léir maidir le hAilt 141, 142 agus 143 d'Achtanna CS, Airteagal 79 agus Airteagal 82 den RGCS agus Dlí na dTortanna.

9.1.2 Déileálfaidh siad leis na hiarrataí go léir faoi Chaibidil 4 d'Achtanna CS maidir le cearta agus srianadh cearta daoine is ábhar do na sonraí agus Airteagal 13 go hAirteagal 22 den RGCS. Beidh na freagraí orthu sin críochnaitheach agus ní bheidh siad faoi réir athbhreithniú ach amháin ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí de réir mar is cuí.

## **10 Sonraí Teagmhála do Dhaoine is Ábhar do na Sonraí**

10.1 Féadfaidh daoine is ábhar do na sonraí ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis na rialaitheoirí sonraí:

teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir i.e. na Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta cuí nó le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chúí (maidir le bunscoileanna pobail amháin)

nó

teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ag an Rannóg Párolla, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, N37 X659



Ríomhphost: [primtch\\_payroll@education.gov.ie](mailto:primtch_payroll@education.gov.ie)

[PPpayroll@education.gov.ie](mailto:PPpayroll@education.gov.ie)

[NTSpayroll@education.gov.ie](mailto:NTSpayroll@education.gov.ie)

[RTPS@education.gov.ie](mailto:RTPS@education.gov.ie)

Sinead Keenaghan

Príomhoifigeach Cúnta

Rannán Párolla

Tara Carton

Príomhoifigeach Cúnta

Comhlíonadh Sonraí agus Eolais

04 October 2022